



An Ráiteas Caomhnaithe Leanaí agus Measúnú Riosca

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, iarrtar ar sholáthraithe seirbhísí cuí Ráiteas Caomhnaithe Leanaí (RCL) a fhorbairt. Tá roinnt codanna i gceist leis an RCL, agus ceann díobh is ea measúnú ar riosca díobhála (mar a shainmhínítear san Acht) do leanbh agus é nó í ag baint leas as an tseirbhís.

An sainmhíniú ar dhíobháil, i ndáil le leanbh, faoi Alt 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ná

“(a) ionsaí, drochíde nó faillí ar leanbh ar bhealach a bhfuil tionchar trom aige, nó gur dóigh go mbeidh tionchar trom aige ar shláinte, forbairt nó leas an linbh, nó (b) mí-úsáid ghnéasach an linbh, cibé acu an gníomh aonair, easnamh nó imthosc is cúis leis, nó sraith nó meascán gníomh, easnamh nó imthosc, nó ar bhealach eile;”

Is éard is measúnú riosca ann ná gníomh ina ndéanann an eagraíocht scrúdú ar gach gné dá seirbhís ó thaobh an chaomhnaithe de, d’fhonn aon imthosca nó cúinsí a shainaithint a d’fhéadfadh díobháil a dhéanamh do leanbh, mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus é nó í ag baint leas as an tseirbhís. Tá sé beartaithe ag an bpróiseas measúnaithe riosca an méid seo a leanas a chur ar chumas an Choláiste:

- Riosca poitéinsiúil a shainaithint;
- Polasaithe agus nósanna imeachta a fhorbairt chun riosca a íoslaghdú trí fhreagairt a dhéanamh in am do rioscaí poitéinsiúla sainaitheanta;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu an ndearnadh réamhchúram cuí chun na rioscaí seo a dhíothú nó a laghdú.

Ní mór do gach Coláiste Gaeilge measúnú riosca a dhéanamh ar gach gníomhaíocht, socruithe cónaithe san áireamh, de réir na treorach a thugtar sa doiciméad seo, agus aon nósanna imeachta riachtanacha a fhorbairt chun leanaí a chaomhnú ó dhíobháil. Ní mór do gach Coláiste cloí leis na freagrachtaí a bhfuil achoimre orthu in *Tús Áite do Leanáí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanáí* (RLGÓ, 2017).

Ní mór do gach Coláiste Gaeilge an méid seo a leanas a dheimhniú leis an RCOG:-

- go léirítear an RCL in áit fheiceálach;
- go gcuirtear an RCL ar fáil don fhoireann uile;
- go gcuirtear an RCL ar fáil do thuismitheoirí, daoine óga, an pobal i gcoitinne agus Tusla, ach iarratas a dhéanamh, agus go bhfuil nós imeachta i bhfeidhm chun é seo a éascú;
- go bhfuil na nósanna imeachta uile atá sonraithe sa RCL agus sa Mheasúnú Riosca, curtha ar bun agus i bhfeidhm agus go bhfuil siad ar fáil ach iad a iarraidh;
- go ndéanfar an RCL seo a athbhreithniú tar éis 24 mí ó é a thionscnamh nó óna athbhreithniú deireanach, é sin nó chomh praiticiúil agus is féidir tar éis aon athrú ábhartha teacht aníos i ndáil le haon rud dá dtagraíonn an ráiteas.

Ní mór do na Coláistí Gaeilge uile a bheith ar an eolas go bhfuil an measúnú riosca mar chuid den RCL agus nach mór é a léiriú mar chuid den RCL.

RÁITEAS CAOMHNAITHE LEANAÍ

1. Ainm an Choláiste:

Coláiste na Mumhan, Béal Átha'n Ghaorthaidh, Co Chorcaí

2. Cineál na seirbhíse agus prionsabail chun daoine a chaomhnú ó dhíobháil
(*achomre ghearr ar an méid atá i gceist lenár seirbhís, an méid a dhéanann muid agus ár ngealltanais chun leanaí a chosaint*):

Coláiste chónaithe is ea Coláiste na Mumhan, a chuireann cúrsaí trí seachtaine/coicíse ar fail i rith an tsamhraidh chun Gaeilge a mhúineadh do dhaltaí. De réir na riachtanais san Acht um Chosaint Leanai 2015, Tús Áite do Leanai: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanai 2017, agus leis na treorlínite leagtha síos ag TUSLA, tá toilithe ag Comhaltas Cholaiste na Mumhan leis an Ráiteas Um Chumhdach Leanai atá leagtha amach sa cháipéis seo.

3. Measúnú Riosca

Tá measúnú déanta againn ar aon phoitéinseal do dhíobháil do leanbh agus iad ag baint leas as ár seirbhísí, lena n-áirítear i réimse na sábháilteachta ar líne i gcás rochtain ar an idirlíon. Tá liosta thíos de na réimsí riosca sainaitheanta agus liosta de na nósanna imeachta chun na rioscaí sin a bhainistiú.

Riosca Sainaitheanta		Nós imeachta i bhfeidhm chun an riosca sainaitheanta a bhainistiú
1	Riosca díobhála dochar do pháiste faoi chúram an Choláiste	<p>Tá cóip de <i>Ráiteas an choláiste maidir le Cumhdach Leanai</i> tugtha do gach ball d'fhoireann, foireann nua san áireamh</p> <p>Éilítear ar gach duine den fhoireann cláraithe teagaisc cloí leis an <i>Acht um Thús Áite do Leanai 2015 agus Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanai 2017</i></p> <p>Cloíonn an Coláiste le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána</p> <p>Tá cóid iompraíochta ag an gColáiste d'fhoireann an choláiste (foireann teagaisc agus neamh-theagaisc)</p>

		Tá Plean Bainistíochta Teagmhas Criticiúil i bhfeidhm ag an gColáiste;
2	Riosca díobhála de bharr bulaíocht	Tá Plean Bainistíochta Teagmhas Criticiúil i bhfeidhm ag an gColáiste; Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an gColáiste
3	Riosca díobhála de bharr lóistín agus beathú na páistí	Cloíonn an Coláiste le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána Tá cóid iompraíochta ag an gColáiste d'fhoireann an choláiste (foireann teagaisc agus neamh-theagaisc) Tá beartas maoirseachta ar an gclós nó ar an áit súgartha ag an gColáiste chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar pháistí le linn tionóil, imeacht na ndaltaí agus sosanna agus i leith achar sainiúil ar nós leithreas, seomraí malartaithe etc
4	Riosca díobhála de bharr na meán sóisialta	Tá beartas Teicneolaíocht faisnéise agus Cumarsáide ar bun ag an scoil i leith úsáide na Teicneolaíochta faisnéise agus Cumarsáide ag daltaí Tá beartas fóin phóca ar bun ag an gColáiste i leith úsáide fón póca ag daltaí (uair a chloig in aghaidh an lae) Tá Plean Bainistíochta Teagmhas Criticiúil i bhfeidhm ag an gColáiste;
5	Riosca díobhála de bharr taisteal agus gluaiseacht na páistí	Tá beartas maoirseachta ar an gclós nó ar an áit súgartha ag an gColáiste chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar pháistí le linn tionóil, imeacht na ndaltaí agus sosanna agus i leith achar sainiúil ar nós leithreas, seomraí malartaithe etc
6	Riosca díobhála de bharr tinneas agus ailléirgí	Tá beartas /nósanna imeachta ar bun ag an gColáiste do dháileadh na Garchabhrach agus déantar cinnte go bhfuil duine cáilithe le garchabhair oibre i láthair ar gach cúrsa Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an gColáiste

		Tá altra ar fáil 24/7 don choláiste más cás práinneach é.
7	Riosca díobhála de bharr easpa tuairisciú	Tá cóip de <i>Ráiteas an choláiste maidir le Cumhdach Leanaí</i> tugtha do gach ball d'fhoireann, foireann nua san áireamh. Éilítear ar gach duine den fhoireann cláraithe teagaisc cloí leis an <i>Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017</i>
8	Riosca díobhála de bharr Alcól, Drugaí agus substaintí eile mídhleathach	Tá cóid iompraíochta ag an gColáiste do dhaltaí Tá Plean Bainistíochta Teagmhas Criticiúil i bhfeidhm ag an gColáiste;
9	Riosca díobhála de bharr easpa ionchuimsiú	Cúram daltaí a bhfuil riachtanais shainiúla acu ar nós: Daltaí de bhunadh mionlach eitneach/imircigh. Baill den Lucht Siúil. Leanaí atá lespiach, homaighnéasach, déghnéasach nó trasinscneach. Daltaí a mheastar a bheith lespiach, homaighnéasach, déghnéasach nó trasinscneach. Daltaí a bhaineann le creidimh reiligiúnacha mionlaigh agus Leanaí i gcúram
10	Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid neamhoiriúnach idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile; Riosca díobhála ag duine de phearsanra an Choláiste i mbun cumarsáide le scoláirí ar bhealach neamhoiriúnach trí na meáin shóisialta, téacsáil, gléas digiteach nó ar bhealach eile. Riosca díobhála ag duine de phearsanra an Choláiste ag teacht ar/ag seoladh ar aghaidh ábhar neamhoiriúnach trí na meáin shóisialta, téacsáil, gléas digiteach nó ar bhealach eile.	Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an gColáiste Cloíonn an Coláiste le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána Tá cóid iompraíochta ag an gColáiste d'fhoireann an choláiste (foireann teagaisc agus neamh-theagaisc) Tá Plean Bainistíochta Teagmhas Criticiúil i bhfeidhm ag an gColáiste;

4. Nósanna Imeachta

Forbraíodh ár Ráiteas Caomhnaithe Leanaí de réir na riachtanas faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, faoi *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*, agus faoi *Cosaint Leanaí: Treoir do Pholasaí, Nósanna Imeachta agus Cleachtas* le Tusla. Chomh maith leis na nósanna imeachta a bhfuil liosta díobh inár measúnú riosca, tá na nósanna imeachta seo a leanas mar thacaíocht dár rún chun leanaí a chosaint agus iad ag baint leas as ár seirbhís:-

- Nós imeachta chun bainistiú a dhéanamh ar líomhaintí drochúsáide nó mí-iompair in aghaidh oibríthe/oibríthe deonacha i leith linbh ag freastal ar an gColáiste;
- Nós imeachta chun oibríthe agus oibríthe deonacha a earcú agus a roghnú ar bhealach slán chun obair a dhéanamh le leanaí;
- Nós imeachta le haghaidh soláthar agus rochtain ar oiliúint agus eolas caomhnaithe leanaí, lena n-áirítear sainaitheint ar eachtraí díobhála;
- Nósanna imeachta chun ábhair imní cosanta nó leasa leanaí a thuairisciú do Tusla;
- Nósanna imeachta chun liosta a choinneáil de dhaoine (más ann dóibh) sa tseirbhís chuí ar daoine sainordaithe iad;
- Nósanna imeachta chun duine cuí a cheapadh.
- Tá na nósanna imeachta rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag na Teaghlaigh áitiúla agus Coláiste i leith a gcuid gníomhaíochtaí
- Tá cóip de Ráiteas an choláiste maidir le Cumhdach Leanaí faighte agus léite ón gcoláiste acu.
- Tá na teaghlaigh cláraithe agus aitheanta ag an Roinn Cultúr, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi scáth Scéim na bhFoghlaimoirí Teanga
- Tá na príomh chúramóirí do na teaghlaigh ag cloí agus tá oiliúint déanta acu faoin Acht Thús Áite do Leanaí 2015
- Déantar cinnte go bhfuil ainm agus sonraí teagmhála an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) sa choláiste curtha i scríbhinn chucu roimh thús gach cúrsa más amhlaidh go bhfuil duine difriúil i gceist
- Déantar cinnte go bhfuil polasaithe agus rialacháin an choláiste maidir leis na Teaghlaigh Ghaeltachta (Bean an Tí) faighte agus léite acu ón gColáiste.
- Déantar cinnte go n-imíonn na páistí ar fad ón teach ag an am céanna, déantar seic go bhfuil siad ar fad tagtha ag an am céanna, ar maidin, sa tráthnóna agus san oíche
- Dáileadh Cógais agus cur síos ar an tinneas a bheith faighte acu i scríbhinn ó na tuismitheoirí agus ag an teaghlach roimh thús an chúrsa
- Ailléirgí agus riachtanais speisialta beatha a bheith faighte i scríbhinn ó na tuismitheoirí agus ag an teaghlach roimh thús an chúrsa
- Má chaitheann páiste dul abhaile tinn, déantar cinnte roimh ré go bhfuil duine sa teaghlach (atá os cionn 18 bliain d'aois) agus nach bhfuil leo féin sa teach. Cuirtear duine eile in éineacht leis an duine tinn más amhlaidh go bhfuil duine ón teaghlach leo féin
- Iarrtar ar na teaghlaigh peataí agus ainmhithe na teaghlaigh a bheith faoi smacht, ceangailte nó istigh
- Cloí le hamanna codlata an choláiste le doirse na seomraí codlata fágtha oscailte
- Solas fágtha ar sa halla/pasáiste le linn na hoíche
- Cosc ar fhearais teicneolaíochta ar nós, Ríomhaire lapa

- Cead úsáid an teileafón póca de réir polasaí an choláiste, ach i gcóir uair a chloig agus i radharc an teaghlach. Fón pócaí i seilbh an teaghlach ach don uair a chloig seo.
 - Ní thugtar paschód do WI-FI agus níl cead an WI-FI a úsáid
 - Airdeallach ar stóráil agus úsáid Alcól, Toitíní agus substaintí mídhleathach eile sa teach
 - Déantar cinnte iompar inmíoch a chur in iúl do Choláiste, ar nós, duine leo féin agus gan a bheith ag meascadh
- ✓ De réir na gceanglas san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus Treoir Thusla maidir le Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí a chur le Chéile, tá toilithe ag Coláiste na Mumhan leis an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá leagtha amach sa cháipéis seo.
 - ✓ I gcas baill ar bith den fhoireann agus na teaghlaigh áitiúla is ábhar d'iniúchadh ar bith (cibé caoi a thuairiscítear é) i leith aon ghnímh, neamhghnímh nó cúinse i leith linbh atá ag freastal ar an gColáiste, cloíonn an choláiste leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha i bpolasaithe an choláiste
 - ✓ Maidir le roghnú agus earcú ball foirne agus teaghlaigh áitiúla lena n-oiriúnacht chun oibriú agus freastal ar leanaí, cloíonn an Coláiste le riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016
 - ✓ Maidir le soláthar an eolais agus, áit is gá, an teagaisc agus na hoiliúna do lucht foirne agus teaghlaigh áitiúla chun a shonrú go bhfuil an díobháil (mar a shainmhínítear í in Acht 2015) tarlaithe rinne an coláiste na nithe seo a leanas -
 - ✓ -Cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do gach ball den fhoireann agus teaghlaigh áitiúla
 - ✓ -A chinntiú go gcuirfear cóip de Ráiteas an Choláiste maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do gach ball nua den fhoireann
 - ✓ -Lucht foirne agus teaghlaigh áitiúla a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint chuí (Introduction to Children's First) - Ríomhfhoghlaim Thusla
 - ✓ -Coimeádann an Choláiste taifid de gach oiliúint a chuirtear ar lucht foirne agus teaghlaigh áitiúla
 - ✓ Maidir le hábhair inmí i dtaobh na cosanta leanaí a thuairisciú do Thusla, ní mór do gach ball foirne agus teaghlaigh áitiúla cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach ar a n-áirítear, iad siúd a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
 - ✓ Sa gColáiste seo tá an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ceaptha ag an mBainistíocht an Choláiste mar an "duine cuí" (mar a shainmhínítear sin san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) chun bheith mar an gcéad pointe teagmhála i leith an Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí.
 - ✓ Daoine sainordaithe is ea gach múinteoir cláraithe arna fhostú ag an gColáiste, maraon le Banaltraí agus Bainisteoir an gColáiste faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

5. Feidhmiú

Aithnímid gur próiseas leanúnach é an feidhmiú. Tá ár seirbhís tiomanta d'fheidhmiú an Ráitis Caomhnaithe Leanaí seo agus do na nósanna imeachta a thacaíonn lenár rún leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil agus iad ag baint leas as ár seirbhís. Déanfar an Ráiteas Caomhnaithe Leanaí seo a athbhreithniú ar an 6ú Bealtaine 2019, é sin nó chomh praiticiúil agus is féidir tar éis aon athrú ábhartha teacht aníos i ndáil le haon rud dá dtagraíonn an ráiteas.

Síniú: _____ Síniú: _____
(Cathaoirleach an Choláiste) (Rúnaí an Choláiste)

Ainm agus Sonraí Teagmhála an Stiúrtóra: Liam Seartan (Rúnaí)
runaicnam@gmail.com - 02647071

I gcás fiosruithe, déan teagmháil leis an Duine Cuí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Ainm an Duine Chuí:

Liam Seartan (príomhoide Cúrsa A) nó Eibhlín Ní Chonchúir (Príomhoide Cúrsa B)

Fón: 02647071

Ríomhphost: runaicnam@gmail.com

Tá sonraí teagmhála an Teagmhálaí Ainmnithe agus an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe ar fáil thíos:-

Teagmhálaí Ainmnithe

Ainm: Liam Seartan (Cúrsa A)

Fón: 02647071

Ríomhphost: runaicnam@gmail.com

Leas-Teagmhálaí Ainmnithe

Ainm: Donncha Ó Ceocháin & Aoife Ní Chríodáin (Cúrsa A)

Fón: 02647071

Ríomhphost: runaicnam@gmail.com

Teagmhálaí Ainmnithe

Ainm: Eibhlín Ní Chonchúir (Cúrsa B)

Fón: 02647071

Ríomhphost: runaicnam@gmail.com

Leas-Teagmhálaí Ainmnithe

Ainm: Leonard Ó Conchúir

Fón: 02647071

Ríomhphost: runaicnam@gmail.com